QQI

Quality and Qualifications Ireland
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann

DEARBHÚ CÁILÍOCHTA AGUS CÁILÍOCHTAÍ ÉIREANN

RÁITIS AIRGEADAIS ÓN DÁTA BUNAITHE AN 6 SAMHAIN 2012 GO DTÍ AN TRÉIMHSE DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2013

www.QQI.ie

2013

CLÁR

FAISNÉIS MAIDIR LEIS AN ÚDARÁS	3
TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE	4-5
RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS	6-7
RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ AN BHOIRD	8-9
RÁITEAS AR NA BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA	10-12
CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS	13
RÁITEAS AR IOMLÁN NA nGNÓTHACHAN AGUS NA gCAILLTEANAS AITHEANTA	14
CLÁR COMHARDAITHE	15
RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID	16
NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS	17-33

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS 17-33

FAISNÉIS MAIDIR LEIS AN ÚDARÁS

Seoladh an Údaráis: 26/27 Lána Denzille
Baile Átha Cliath 2
Éire

mhfheidhmeannach:
An Dr. Padraig Walsh - Príomhfheidhmeannach
Ms. Claire Byrne - Ceann na nGnóthaí Corparáideacha & na Cumarsáide
An Dr. Anna Murphy - Ceann na hAnailíse Straitéisí
Ms. Karena Maguire - Ceann na Seirbhísí um Dhearbhú Cáilíochta
Mr. Bryan Maguire - Ceann na Seirbhísí Cáilíochtaí
Mr. Ultan Tuite - Ceann an Iniúchta & an tSoláthair
Ms. Trish O'Brien - Ceann an Chaidrimh le Soláthraithe
Ms. Barbara Kelly - Ceann na gComhpháirtíochtaí Tionscail & Seachtracha
Ms. Grainne Cullen - Ceann na Pleanála (ar iasacht ón ROS ón 4 Samh 2013)

Comhaltaí an Bhoird:
Mr. Gordon Clark – Cathaoirleach
An Dr. Barbara Brittingham
Ms. Una Buckley
An Dr. Margaret Cullen
Ms. Mary Danagher
An Dr. Ann Louise Gilligan
Ms. Joanne Harmon
Mr. James Moore
Ms. Cat O'Driscoll
An Dr. Padraig Walsh – Príomhfheidhmeannach

Banc: Banc-Aontas Éireann
1 Sráid Bhagóid, Íochtarach,
Baile Átha Cliath 2

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta
Áras an Chisteáin
Sráid na Canálach Móire Íochtarach
Baile Átha Cliath 2

Dlíodóirí: Brian Whitaker & Co Solicitors
17 Cearnóg Liam
Baile Átha Cliath 2

Iniúchóirí: An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2

Suíomh Gréasáin: www.qqi.ie

TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE AR NA RÁITIS AIRGEADAIS

(To be inserted when the audit is complete)

(To be inserted when the audit is complete)

RÁITEAS AR AN RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

FREAGRACHT AS CÓRAS AR RIALAITHE INMHEÁNAIGH AIRGEADAIS

Thar ceann Bhaill Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann admhaím an fhreagracht atá orainn as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánach airgeadais a choimeád agus a oibriú.

Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, seachas dearbhú amach is amach, a sholáthar go ndéantar sócmhainní a chosaint, bearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí, agus earráidí ábhartha agus mírialtachtaí eile a chosc nó go bhféadfaí iad a bhrath go tráthúil.

NA PRÍOMHNÓSANNA IMEACHTA RIALAITHE

Tá bearta déanta ag an mBord d'fhonn timpeallacht chuí rialaithe a chinntiú, trí:

- Cruinnithe rialta a sceidealú ag ar cuireadh tuarascálacha cothrom le dáta ar chaiteachas ar fáil don Bhord;
- Coiste Iniúchóireachta a chur ar bun. Áirítear ar a théarmaí tagartha córais a chinntiú trína ndéanfar rialú inmheánach airgeadais a oibriú agus fheabhsú go leanúnach;
- Freagrachtaí bainisteoirí a shainiú go soiléir, mar aon leis an gcuntasacht a ghabhann leis sin;
- Monatóireacht agus tuairisciú ar an bpróiseas;
- Prionsabail an rialachais chorparáidigh, atá sa Chód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit a ghlacadh, lena n-áirítear:
  - Comhlíonadh na dtreoirlínte soláthair mar atá leagtha amach sa Chód a dhearbhú.
  - Comhlíonadh dhiúscairt sócmhainní agus rochtain tríú páirtithe ar shócmhainní, mar atá leagtha amach sa Chód, a dhearbhú.
  - Athbhreithniú agus críochnú a dhéanamh ar bheartais agus nósanna imeachta trína gcinntítear go bhfuil éifeacht leis na córais um rialú inmheánach airgeadais a chinntiú.
  - Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus chun sócmhainní na heagraíochta a chosaint.

MEASÚNÚ RIOSCA

Tá próisis bunaithe ag DEARBHÚ CÁILÍOCHTA AGUS CÁILÍOCHTAÍ ÉIREANN chun rioscaí airgeadais agus rioscaí gnó a shainaithint agus a mheas, trí:

- Nádúr agus méid na rioscaí airgeadais atá os comhair an Bhoird a shainaithint.
- A dhóchúla atá sé go bhfíorófaí rioscaí sainaitheanta a mheasúnú.
- Measúnú agus meastóireacht a dhéanamh ar chumas inmheánach an Bhoird chun na rioscaí a fíoraíodh iarbhír a bhainistiú.

MEICNÍOCHT RIALÁLA

Bunaítear córas na rialuithe inmheánacha airgeadais ar chreat d'fhaisnéis rialta bainistíochta, córas tarmligthe agus cuntasachta, sraith nósanna imeachta airgeadais, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus seiceálacha leanúnach diana a dhéanann an fheidhm airgeadais. Áirítear air go sonrach:

- Córas cuimsitheach buiséadta agus buiséad bliantúil a dhéanann comhaltaí an Bhoird a athbhreithniú agus a cheadú.
- Teorainneacha údaraithe a shocrú d'iocaíochtaí amach chistí an Bhoird.
- Athbhreithniú rialta a dhéanann comhaltaí an Bhoird ar fhaisnéis agus ar thuarascálacha airgeadais thréimhsiúil agus bhliantúil (lena n-áirítear cuntais bhainistíochta), a léiríonn feidhmiú airgeadais i gcomparáid le buiséid.

Bunaíodh an Coiste Iniúchóireachta i 2013 agus bhí sé chruinniú aige.

Ba é an bonn eolais faoi mhonatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar a éifeachtaí atá na córais rialaithe inmheánaigh airgeadais an tIniúchóir Inmheánach, an Coiste Iniúchóireachta a mhaoirsíonn obair an Iniúchóra Inmheánaigh, agus na bainisteoirí feidhmiúcháin san eagraíocht a raibh freagracht orthu as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe airgeadais.

Bhí meicníochtaí bunaithe chun leordhóthanacht shlándáil na gcóras Theicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide a chinntiú, meicníochtaí lenar áiríodh beartais agus nósanna imeachta cuí rialaithe a bhunú.

ATHBHREITHNIÚ BLIANTÚIL AR RIALUITHE DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 Nollaig 2013

Deimhnímid gur sheol an Bord athbhreithniú ar a éifeachtaí atá córas an rialaithe inmheánaigh airgeadais maidir leis an mbliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2013.

Arna shíniú thar ceann Bhord Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann:

_____ **Dáta:**
Gordon Clark
Cathaoirleach

_____ **Dáta:**
Padraig Walsh
Príomhfheidhmeannach

RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ AN BHOIRD

Bhunaigh an tAire Oideachais agus Scileanna Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (an QQI) an 6 Samhain 2012 faoi Alt 7 den Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012.

Leis an Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012 scoireadh Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann (an NQAI), Comhairle na nDámhachtainí

Ardoideachais (HETAC) agus Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais (FETAC) le héifeacht ón 5 Samhain 2012 agus faoi théarmaí Chuid 8 aistríodh foireann, sócmhainní, cearta agus oibleagáidí na gcomhlachtaí oidhreachta chuig Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann de réir an Achta.

Is iad seo a leanas cuspóirí an QQI:

- Cáilíocht sholáthraithe breisoideachais agus ardoideachais agus oiliúna agus a gcuid seirbhís taighde agus seirbhísí gaolmhara a dhearbhú
- An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí a chur ar aghaidh, a fhorbairt agus a chothabháil
- Cláir a bhailíochtú agus dámhachtainí a dhéanamh
- An pobal a chur ar an eolas maidir le cáilíocht na gclár agus na gcáilíochtaí oideachais agus oiliúna
- Comhairle a chur ar an Aire i dtaca le beartas náisiúnta ar dhearbhú agus feabhsú cáilíochta i gcúrsaí oideachais agus oiliúna

Ceanglaíonn Alt 23 den Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012 ar Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (an tÚdarás, mar a thugtar air) ráitis airgeadais a ullmhú i bhfoirm a cheadóidh an tAire Oideachais agus Scileanna tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar an Údarás:

- Beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach
- Breithiúnais agus meastacháin réasúnta stuama a dhéanamh.
- Na cuntais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh, ach amháin más neamhchuí a cheapadh go leanfaidh an tÚdarás dá ghnó.
- Aon imeacht ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta infheidhme a nochtadh agus a mhíniú.

Dearbhaíonn an Bord gur chomhlíon siad na ceanglais thuas agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú. Tá an Bord freagrach as leabhair chuí chuntais a choimeád a insíonn tráth ar bith stádas

airgeadais an Údaráis agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais alt 23 den Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012. Tá an Bord freagrach, leis, as a shócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Arna shíniú thar ceann Bhord Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann:

_____ **Dáta:**
Gordon Clark
Cathaoirleach

_____ **Dáta:**
Padraig Walsh
Príomhfheidhmeannach

RÁITEAS AR NA BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Bhunaigh an tAire Oideachais agus Scileanna Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (an QQI) an 6 Samhain 2012 faoi Alt 7 den Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012.

Foráiltear san Acht, leis, le haghaidh scor Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann (an NQAI), Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais (HETAC) agus Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais (FETAC) le héifeacht ón 5 Samhain 2012.

Aistríodh foireann, sócmhainní, cearta agus oibleagáidí na gcomhlachtaí oidhreachta chuig Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (an QQI) de réir an Achta.

Glansócmhainní	NQAI	HETAC	FETAC	IOMLÁN
	€	€	€	€
Sócmhainní Seasta	732,333	288,579	3,412,562	4,433,474
Airgead tirim ar láimh agus sa bhanc	1,465,148	446,926	1,074,963	2,987,037
Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	50,686	69,106	1,331,268	1,451,060
Creidiúnaithe agus Fabhruithe	(578,097)	(67,578)	(2,038,846)	(2,684,521)
Sócmhainní um Maoiniú Pinsin	3,600,000	12,498,958	9,943,000	26,041,958
Iarchurtha	(3,600,000)	(12,498,958)	(9,943,000)	(26,041,958)
Dliteanais Pinsin				
Glansócmhainní a aistríodh chuig an QQI	**1,670,070**	**737,033**	**3,779,947**	**6,187,050**
Caipiteal agus Cúlchistí				
Cuntais Chaipitil (Nóta 17)	732,333	288,579	3,412,562	4,433,474
Ioncam agus Caiteachais	937,737	448,454	367,385	1,753,576
Caipiteal agus Cúlchistí aistrithe chuig an QQI	**1,670,070**	**737,033**	**3,779,947**	**6,187,050**

AN BONN CUNTASAÍOCHTA

Ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir modh cuntasaíochta na bhfabhruithe cé is móite de na heisceachtaí a liostaítear thíos, de réir na bprionsabal cuntasaíochta a bhfuil glacadh leo i gcoitinne faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil.

Tá na Ráitis Airgeadais san fhoirm a cheadaigh an tAire Oideachais agus Scileanna le comhaontú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Glactar le Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais a mholann comhlachtaí cuntasaíochta de réir mar a chuirtear i bhfeidhm iad. Is é an Euro an t-aonad airgeadra.

DEONTAS AN OIREACHTAIS

Mínítear ioncam a thaispeántar sna cuntais faoi Dheontais ar bhonn fáltas airgid.

IONCAM Ó THÁILLÍ

Is ionann ioncam a thaispeántar sna ráitis airgeadais faoi Ioncam ó Tháillí agus méideanna a sonrascaíodh do thríú páirtithe sa ghnáthchúrsa gnó.

FORBAIRT BOGEARRAÍ

Caitear le costais forbartha bogearraí ar mhórchórais ar mhíreanna caipitil agus díscríobhtar iad thar thréimhse a saolré ionchais ó dháta a gcur chun feidhme.

TRÉIMHSE NA RÁITEAS AIRGEADAIS AGUS FIGIÚIRÍ INCHOMPARÁIDE

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais don tréimhse ón dáta bunaithe an 6 Samhain 2012 go dtí an 31 Nollaig 2013. Is ionann na nótaí comparáideacha agus gaolmhara sna ráitis airgeadais agus na figiúirí comhcheangailte le haghaidh Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann (NQAI), Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna (HETAC) agus Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna (FETAC) mar atá leagtha amach ina sraitheanna iniúchta deiridh de ráitis airgeadais, faoi seach, maidir leis an tréimhse 1 Eanáir 2012 go dtí an 5 Samhain 2012.

SÓCMHAINNÍ SEASTA AGUS DÍMHEAS

Luaitear sócmhainní seasta ag a gcostas stairiúil lúide dímheas carntha. Cuirtear dímheas de mhuirear ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais ar bhonn líne dhírí, ag na rátaí atá leagtha amach thíos, chun na sócmhainní a dhíscríobh, agus iad coigeartaithe le haghaidh luach iarmharach, thar a saolré ionchais:

Foirgnimh Léasacha (Lána Denzille)	Thar thréimhse léasa 25 bliain
Áitreabh Léasach (Páirc Ghnó na Rinne Thoir)	5.25%
CBL chaipitlithe ar Léas	Thar thréimhse léasa 21 bliain
Crua-earraí Ríomhaireachta	33.33%
Bogearraí Ríomhaireachta	12.5%
Trealamh Oifige	20%
Troscán Oifige	10%
Daingneáin, Feisteas & Teileafón (Gníomhaireachtaí Oidhreachta)	10%

CUNTAS CAIPITIL

Is ionann iarmhéid an Chuntais Chaipitil agus luach amúchta an deontais a fuarthas le haghaidh cuspóirí caiteachais chaipitil.

AIRGEADRAÍ IASACHTA

Déantar idirbhearta a éiríonn in airgeadraí coigríche a aistriú go dtí an Euro de réir na rátaí malairte atá i bhfeidhm ar dhátaí na n-idirbheart.

Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta a ainmnítear in airgeadraí coigríche a aistriú go dtí an euro de réir rátaí malairte atá i bhfeidhm ar dháta an chláir chomhardaithe nó ar rátaí conarthaí réamhcheannacháin nuair is ann do chonarthaí den sórt sin.

PINSIN

Tá scéim pinsin sochair shainithe ranníocaíochtaí i bhfeidhm ag an Údarás, a mhaoinítear go bliantúil ar bhonn íoc mar a úsáidtear ó airgead a sholáthraíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna agus ó ranníocaíochtaí a asbhaintear ó thuarastail foirne. Tá an scéim i bhfeidhm ar bhonn riaracháin, ar feitheamh ar cheadú ón Roinn Oideachais agus Scileanna.

Tomhaistear dliteanais pinsin ar bhonn achtúireach leis an modh aonaid réamh-mheasta.

Léiríonn costais pinsin na sochair pinsin a thuilleann fostaithe sa tréimhse agus taispeántar iad glan ar rannaíocaíochtaí pinsin foirne a choimeádann an tÚdarás. Aithnítear méid atá comhionann leis an muirear pinsin mar ioncam mhéid atá sé in-aisghafa, agus fritháirithe ag deontais a fuarthas sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a urscaoileadh.

Aithnítear i Ráiteas na nGnóthachan agus na gCaillteanas Iomlán Aitheanta sa bhliain ina dtarlaíonn siad gnóthachain nó caillteanais achtúireacha ag éirí as athruithe ar thoimhdí achtúireacha agus as barrachas agus easnamh ó thaithí agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid is in-aisghafa ón Roinn Oideachais agus Scileanna.

Is ionann dliteanais pinsin agus luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin sa todhchaí atá tuillte ag an bhfoireann go dtí seo. Léiríonn maoiniú iarchurtha pinsin an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le haisghabháil i dtréimhsí amach anseo ón Roinn Oideachais agus Scileanna.

CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS MAIDIR LEIS AN TRÉIMHSE ÓN 6 SAMHAIN 2012 GO DTÍ AN 31 NOLLAIG 2013

	Nóta	An tréimhse ó 6.11.2012 go 31.12.2013	An tréimhse ó 1.1.2012 go 5.11.2012
IONCAM		**€**	**€**
Deontas an Oireachtais	**1**	6,786,100	11,083,900
Ioncam ó Tháillí	**2**	3,705,367	3,089,375
Ioncam ó iasachtaí foirne	**4**	180,982	-
Ioncam ó Thionscadail AE	**3**	811,179	668,140
Ioncam eile	**5**	400,647	845,692
Ús ar Thaiscí		3,584	5,201
		11,887,859	**15,692,308**
Aistriú ó/(chuig) Cuntas Caipitil	**17**	269,157	107,695
Glanmhaoiniú Iarchurtha le haghaidh Pinsean	**24(b)**	2,030,000	1,657,884
		14,187,016	**17,457,887**
CAITEACHAS			
Costais Foirne	**6**	8,600,157	6,427,388
Costais Chóiríochta	**9**	933,425	900,178
Costais an Bhoird	**7**	10,147	16,743
Gnóthaí corparáideacha agus cumarsáide	**10**	387,115	449,585
Seirbhísí um Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí	**11**	192,055	157,977
Caiteachas Tionscadail EQAVET	**3(a)**	**493,223**	445,898
Costais an Riaracháin Láir	**12**	3,211,053	2,106,230
Dímheas	**13**	990,422	758,920
Deontais le comhairle dámhachtana		-	3,740,000
Costais Chomhnasctha	**18(c)**	784,803	652,152
		15,602,400	**15,655,071**
(EASNAMH)/BARRACHAS DON TRÉIMHSE		**(1,415,384)**	**1,802,816**
Barrachas/(easnamh) carntha ag tús na tréimhse		-	(49,240)
Cúlchistí a aistríodh ó ghníomhaireachtaí oidhreachta		1,753,576	-
BARRACHAS/(EASNAMH) CARNTHA		**338,192**	**1,753,576**

Is iad na figiúirí comparáideacha na figiúirí comhcheangailte le haghaidh an NQAI, HETAC agus FETAC mar atá leagtha amach ina gCuntais Ioncaim agus Caiteachais, faoi seach, don tréimhse an 1 Eanáir 2012 go dtí an 5 Samhain 2012 (Féach Nóta 18(a)). Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus nótaí 1-26. Le gníomhaíochtaí leanúnacha don bhliain a bhaineann gach ioncam agus caiteachas.

_____ **Dáta:** _____ **Dáta:**

Gordon Clark **Padraig Walsh**
Cathaoirleach **Príomhfheidhmeannach**

RÁITEAS AR IOMLÁN NA NGNÓTHACHAN AGUS CAILLTEANAS AITHEANTA MAIDIR LEIS AN TRÉIMHSE ÓN 6 SAMHAIN 2012 GO DTÍ AN 31 NOLLAIG 2013

IONCAM	Nóta	An tréimhse ó 6.11.2012 go 31.12.2013 €	An tréimhse ó 1.1.2012 go 5.11.2012 €
(EASNAMH)/BARRACHAS DON TRÉIMHSE AIRGEADAIS		**(1,415,384)**	**1,802,816**
Gnóthachain/(caillteanais) ó thaithí ar an scéim pinsin		2,000,000	1,728,456
Athruithe ar thoimhdí ar a bhfuil luach reatha dhliteanais na scéime pinsin bunaithe		673,000	(1,911,000)
Gnóthachain/(caillteanais) achtúireacha ar dhliteanais pinsin		**1,257,616**	**1,620,272**
Coigeartú ar mhaoiniú iarchurtha pinsin		(2,673,000)	182,544
		(1,415,384)	**1,802,816**

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus nótaí 1-26.

_____ **Dáta:**
Gordon Clark
Cathaoirleach

_____ **Dáta:**
Padraig Walsh
Príomhfheidhmeannach

CLÁR COMHARDAITHE AMHAIL AR AN 31 NOLLAIG 2013

	Nóta	Amhail ar 31 Nollaig 2013 €	Amhail ar 5 Samhain 2012 €
SÓCMHAINNÍ SEASTA	**14**	4,164,317	4,433,474
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	**15**	1,518,950	1,451,060
Airgead tirim ar láimh agus sa bhanc		827,316	2,987,037
		2,346,266	**4,438,097**
CREIDIÚNAITHE (MÉIDEANNA A BHEIDH DLITE LAISTIGH DE BHLIAIN)			
Creidiúnaithe agus Fabhruithe	**16**	2,008,074	2,684,521
GLANSÓCMHAINNÍ REATHA		338,192	1,753,576
ÍOMLÁN NA SÓCMHAINNÍ LÚIDE DLITEANAIS REATHA ROIMH PHINSIN		4,502,509	6,187,050
Maoiniú Pinsin Iarchurtha	**24(e)**	25,398,958	26,041,958
Dliteanais Pinsin	**24(e)**	(25,398,958)	(26,041,958)
ÍOMLÁN NA SÓCMHAINNÍ LÚIDE DLITEANAIS REATHA		**4,502,509**	**6,187,050**
CAIPITEAL AGUS CÚLCHISTÍ			
Cuntas Caipitil	**17**	4,164,317	4,433,474
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		338,192	1,753,576
		4,502,509	**6,187,050**

Is iad na figiúirí comparáideacha na figiúirí comhcheangailte le haghaidh an NQAI, HETAC agus FETAC mar atá leagtha amach ina gCláir Chomhardaithe faoi seach amhail ar 5 Samhain 2012 (Féach Nóta 18(b)).

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus nótaí 1-26.

_____ **Dáta:**
Gordon Clark
Cathaoirleach

_____ **Dáta:**
Padraig Walsh
Príomhfheidhmeannach

RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID MAIDIR LEIS AN TRÉIMHSE ÓN 6 SAMHAIN 2012 GO DTÍ AN 31 NOLLAIG 2013

	Nóta	An tréimhse ó 6.11.12 go 31.12.2013	Amhail ar 01.01.2012 go 05.11.2012
		€	€
Réiteach an (Easnaimh)/Bharrachais leis an nglan-as-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin			
(Easnamh)/barrachas don tréimhse		(1,415,384)	1,802,816
Aistriú ó chuntas caipitil chun ceannach sócmhainní a mhaoiniú	**17**	841,223	(742,214)
Dímheas curtha de mhuirear ar an gcuntas Ioncaim agus Caiteachais		1,110,296	749,374
Amúchadh an deontais chaipitil	**17**	(1,110,296)	-
(Brabús)/caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta		(121)	5,087
Méideanna a scaoileadh ar dhiúscairt sócmhainní	**17**	(84)	-
(Méadú) ar fhéichiúnaithe	**15**	(1,518,950)	(103,923)
Méadú ar chreidiúnaithe	**16**	2,008,074	251,331
Ús bainc faighte		(3,584)	(2,597)
Glan-eas-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		**(88,826)**	**1,959,874**
RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID			
Glan-eas-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		(88,826)	1,959,874
Caiteachas caipitiúil			
Íocaíochta chun sócmhainní seasta a cheannach	**14**	(841,223)	(33,131)
Fáltais ó dhíol sócmhainní seasta		206	20,884
Toradh ar infheistíochtaí agus seirbhísiú airgeadais			
Ús bainc faighte		3,584	2,597
Aistrithe ó ghníomhaireachtaí oidhreachta (seachas airgead tirim)	**18**	(1,233,461)	-
(Laghdú)/Méadú ar airgead tirim		**(2,159,720)**	**1,950,224**
Réiteach na nglansreafaí airgid le gluaiseachtaí i nglanchistí			
(Laghdú)/Méadú ar airgead tirim sa tréimhse		(2,159,720)	1,950,224
Glanchistí ag tús na tréimhse		2,987,036	1,036,812
Glanchistí ag deireadh na tréimhse		827,316	2,987,036

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus nótaí 1-26.

_____ Dáta: **_____ Dáta:**

Gordon Clark
Cathaoirleach

Padraig Walsh
Príomhfheidhmeannach

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON TRÉIMHSE DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2013

		An tréimhse ó 6.11.2012 go 31.12.2013	An tréimhse ó 1.1.2012 go 5.11.2012
1.	**DEONTAS AN OIREACHTAIS**	**€**	**€**
	Deontas i leith Riaracháin - Vóta 26 - Fo-mhírcheann B.6.	6,786,100	11,083,900
		6,786,100	**11,083,900**

		An tréimhse ó 6.11.2012 go 31.12.2013	An tréimhse ó 1.1.2012 go 5.11.2012
2.	**IONCAM Ó THÁILLÍ**	**€**	**€**
	Táillí Iontrála Iarrthóirí	2,552,300	2,018,955
	Táillí Dámhachtana	734,919	715,859
	ACELS	262,947	220,079
	Cóipeanna de Dheimhnithe	33,021	18,982
	Táillí Bailíochtaithe	122,180	115,500
		3,705,367	**3,089,375**

TÁILLÍ IONTRÁLA IARRTHÓIRÍ

Is é an QQI an comhlacht náisiúnta dámhachtana le haghaidh cúrsaí creidiúnaithe arna rith ag coláiste aitheanta breisoideachais. Gearradh táillí ar iarrthóirí ar dhámhachtainí an QQI (CNC) Leibhéil 5 agus 6. Tá na leibhéil táillí ceadaithe ag an Aire OS. Bailíonn an t-ionad breisoideachais ábhartha na táillí ó iarrthóirí agus íoctar leis an QQI iad.

Níor gearradh táillí ar shealbhóirí cártaí leighis, ar mhic léinn Fhoróige nó VTOS ná ar iarrthóirí ar dhámhachtainí an QQI (CNC) Leibhéal 1 go 4.

TÁILLÍ BAILÍOCHTAITHE AGUS DÁMHACHTANA

Cuireann soláthraithe poiblí agus príobháideacha cláir bhailíochtaithe ar fáil as a leanann dámhachtainí an Údaráis. I gcásanna áirithe, cuirtear cláir ardoideachais agus oiliúna ar fáil i dtíortha lasmuigh d'Éirinn.

CREIDIÚNÚ AGUS COMHORDÚ SEIRBHÍSÍ BÉARLA (ACELS)

Bunaíodh ACELS i 1969 faoi choimirce Roinn Oideachais agus Eolaíochta na hÉireann (an Roinn OC[illegible]nois) chun rialú a dhéanamh ar chaighdeáin i Múineadh an Bhéarla i scoileanna agus in [illegible]íochtaí trí scéim chigireachta/aitheantais. Riarann ACELS an scéim as a leanann Aitheantas scoile ón Roinn Oideachais agus Scileanna. Foilsítear ar bhonn bliantúil liosta na n-eagraíochtaí Mhúineadh an Bhéarla. Áirítear ar shainordú ACELS aitheantas do chúrsaí oiliúna do mhúinteoirí agus forbairt ábhar agus scrúduithe do mhic léinn ó thíortha thar lear.

Ar iarratas ón Roinn Oideachais agus Scileanna ghabh Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann air féin an fhreagracht as ACELS a riaradh agus a mhaoirsiú. Cuireadh tús le haistriú na freagrachta as an bhfeidhm le haistriú ball foirne amháin de chuid ACELS chuig an Údarás i Lúnasa 2009 le haghaidh cuspóirí riaracháin. I 2012, tar éis scor Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann, aistríodh an ról céanna chuig Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON TRÉIMHSE DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2013

		An tréimhse ó 6.11.2012 go 31.12.2013	An tréimhse ó 1.1.2012 go 5.11.2012
3.	**IONCAM Ó THIONSCADAIL AE**	**€**	**€**
	QQI le haghaidh an Ionaid Náisiúnta Europass	59,886	64,000
	EQF	92,546	38,242
	EQAVET	658,747	565,898
		811,179	**668,140**

AN tIONAD NÁISIÚNTA EUROPASS

Is tionscnamh AE é an tIonad Náisiúnta Europass trína bhféachtar le cabhrú le daoine a gcuid scileanna agus cáilíochtaí a dhéanamh sothuigthe san Eoraip chun luainseacht foghlaimeoirí agus oibrithe a éascú.

Bunaíodh líonra d'Ionaid Náisiúnta Europass ar fud na hEorpa chun an tionscnamh seo a chomhordú. Is é an QQI an tIonad Náisiúnta Europass ainmnithe in Éirinn.

Ba é €123,895 an caiteachas a thabhaigh an QQI i dtaca le Europass agus mhaoinigh an AE €59,886 de sin.

EQAVET

Chuir Rúnaíocht EQAVET tús i 2010 leis an obair maidir le treoirlínte Eorpacha um Dhearbhú Cáilíochta a chur chun feidhme. Bhronn an Coimisiún Eorpadh an conradh trí bliana bunaidh ar FETAC tar éis comórtas tairiscintí.

Caitear le maoiniú a fhaightear ó Choimisiún an AE mar ioncam iarchurtha go dtí go leithdháiltear é ar ioncam chun caiteachas tabhaithe a mheaitseáil. Cuirtear aon bharrachas/(easnamh) a thagann chun cinn as an gconradh 3 bliana bunaidh san aireamh sa bhliain deiridh den chonradh.

		An tréimhse ó 6.11.2012 go 31.12.2013	An tréimhse ó 1.1.2012 go 5.11.2012
3a.	**IONCAM TIONSCADAIL EQAVET**	**€**	**€**
	Coimisiún	658,747	565,898
	CAITEACHAS TIONSCADAIL EQAVET		
	Tuarastail agus Pá	261,560	243,089
	Cláir	231,663	202,809
		493,223	445,898
3b.			
	Fáltais ón gCoimisiún AE agus ó bhallstáit rannpháirteacha	658,747	565,898
	Ioncam leithdháilte chun caiteachas a chlúdach	(493,223)	(445,898)
	Ranníocaíocht aitheanta d'fhorchostais an QQI ag deireadh na tréimhse	**165,524**	**120,000**

		An tréimhse ó 6.11.2012 go 31.12.2013	An tréimhse ó 1.1.2012 go 5.11.2012
4.	**IONCAM Ó IASACHTAÍ FOIRNE**	**€**	**€**
	Ioncam ó Iasachtaí	180,982	-
		180,982	**-**

Baineann an t-ioncam seo le beirt bhall d'fhoireann Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann a athlonnaíodh go buan trí shocrú iasachtaithe chuig Institiúid Teicneolaíochta Éireann agus an Roinn Oideachais agus Scileanna. Déantar a gcostais tuarastail a athchur de mhuirear ar an Údarás ar bhonn míosúil

		An tréimhse ó 6.11.2012 go 31.12.2013	An tréimhse ó 1.1.2012 go 5.11.2012
5.	**IONCAM EILE**	**€**	**€**
	Ús faoin Acht um Íoc Pras Cuntas	173	-
	Fáltais Pinsin na bhFostaithe	49,171	-
	Ioncam Cíosa ón Rinn Thoir	133,607	-
	Muirear Seirbhíse na Rinne Thoir Athmhuireartha	100,045	-
	Measúnú ar Fhaoiseamh Cánach	12,000	2,000
	Éileamh árachais	70,000	-
	Ioncam eile	35,651	187,692
	QUALIFAX	-	6,000
	Táillí Caidrimh	-	650,000
		400,647	**845,692**

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON TRÉIMHSE DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2013

		Nóta	An tréimhse ó 6.11.2012 go 31.12.2013	An tréimhse ó 1.1.2012 go 5.11.2012
6.	**COSTAIS FOIRNE**		**€**	**€**
	Tuarastail agus Pá		6,269,756	4,375,401
	Forbairt agus Costais Foirne		81,835	61,487
	Taisteal agus Cothabháil		62,891	122,779
	Pinsin	**24(c)**	2,166,247	1,867,721
	Foireann ar Conradh / Sealadach		5,289	-
	Iasachtaí		100,988	-
	Cúnamh Oideachais		16,565	-
	Caidreamh Foirne		5,702	-
	Costais Chomhtháthaithe	**18(c)**	(109,116)	-
			8,600,157	**6,427,388**

Asbhaineadh €375,854 de thobhach pinsin ó thuarastail agus íocadh é leis an Roinn Oideachais agus Scileanna i gcaitheamh na tréimhse.

Ba é 78 meánlíon na bhfostaithe i gcaitheamh na bliana. Ba é 78 líon an ECF ag deireadh na bliana.

		An tréimhse ó 6.11.2012 go 31.12.2013	An tréimhse ó 1.1.2012 go 5.11.2012
7.	**COSTAIS AN BHOIRD**	**€**	**€**
	Fruiliú Seomraí agus Cruinnithe	5,687	9,512
	Comhaltaí an Bhoird – Taisteal agus Cothabháil		
	Taisteal Intíre	388	3,432
	Taisteal Thar Sáile	3,526	2,407
	Cothabháil/Béilí	109	1,392
	Cóiríocht	437	-
		4,460	7,231
		10,147	**16,743**

Níor íocadh aon táillí le comhaltaí an Bhoird sa bhliain 6 Samhain 2012 go 31 Nollaig 2013.

		An tréimhse ó 6.11.2012 go 31.12.2013	An tréimhse ó 1.1.2012 go 5.11.2012
8.	**LUACH SAOTHAIR AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH**	**€**	**€**
	Buntuarastal sa tréimhse	158,414	114,558
	Costas iomlán phacáiste iomlán luacha saothair an Phríomhfheidhmeannaigh	158,414	114,558

Ní bhfuair an Príomhfheidhmeannach aon phá maidir le feidhmíocht sa tréimhse.

Ní ghabhann teidlíochtaí pinsin an Phríomhfheidhmeannaigh thar an teidlíocht chaighdeánach i scéim aoisliúntais sochair shainithe eiseamláireacha na hearnála poiblí.

Cuireann Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath sciar de chostais tuarastail an Phríomhfheidhmeannaigh d'athmhuirear ar an Údarás. Ba é €105,574 an méid iomlán de thuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh a aisíocadh le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath sa tréimhse. Léirítear an méid sin sa chostas tuarastail thuas.

Bhí €3,151 de chostais deimhnithe taistil & chothabhála ag an bPríomhfheidhmeannach i 2013 (2012: nialas).

		An tréimhse ó 6.11.2012 go 31.12.2013	An tréimhse ó 1.1.2012 go 5.11.2012
9.	**COSTAIS CHÓIRÍOCHTA**	**€**	**€**
	Cíos	616,118	561,200
	Muirir Seirbhíse	150,628	80,141
	Slándáil	6,500	5,200
	Árachas	15,668	23,149
	Solas agus teas	33,601	58,041
	Glantachán	52,526	46,115
	Rátaí	24,975	-
	Deisiúcháin agus Cothabháil	39,529	40,505
	Costais Bhunaithe	25,038	-
	Foirceannadh na tionóntachta léasa	-	75,551
	Ilghnéitheach	-	10,276
	Costais Chomhtháthaithe	(31,158)	-
		933,425	**900,178**

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON TRÉIMHSE DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2013

		An tréimhse ó 6.11.2012 go 31.12.2013	An tréimhse ó 1.1.2012 go 5.11.2012
10.	**GNÓTHAÍ CORPARÁIDEACHA AGUS CUMARSÁIDE**	**€**	**€**
	Riachtanas scileanna maidir le painéal saineolaithe	99,667	52,855
	Seirbhísí Cuntasaíochta agus Iniúchta Inmheánaigh	325,666	193,127
	Táillí Iniúchóireachta	14,000	38,775
	Costais Dlí	44,164	87,228
	Fógraíocht.	35,664	25,726
	Caidreamh poiblí	30,305	725
	Cur chun cinn agus taispeántais	20,530	-
	Teangacha agus aistriúchán	6,074	-
	Táillí Gairmiúla/Bainistíochta/Comhairliúcháin	-	51,149
	Costais Chomhtháthaithe	(188,955)	-
		387,115	**449,585**

		An tréimhse ó 6.11.2012 go 31.12.2013	An tréimhse ó 1.1.2012 go 5.11.2012
11.	**SEIRBHÍSÍ UM DHEARBHÚ CÁILÍOCHTA AGUS CÁILÍOCHTAÍ**	**€**	**€**
	IGC Qualifax	9,831	13,021
	Táillí cigireachta agus costais taistil	34,612	126,337
	Táillí painéil agus costais taistil	143,502	-
	Taighde	4,110	18,619
		192,055	**157,977**

QUALIFAX

Is é QualifaX Bunachar Sonraí Foghlaimeoirí na hÉireann. Is "siopa ilfhreastail" é d'fhoghlaimeoirí. Soláthraíonn Qualifax faisnéis chuimsitheach ar bhreisoideachas agus ardoideachas mar aon le faisnéis is gá chun roghanna eolacha a dhéanamh faoi roghanna oideachais, oiliúna agus gairme.

		An tréimhse ó 6.11.2012 go 31.12.2013	An tréimhse ó 1.1.2012 go 5.11.2012
12.	**COSTAIS LÁRNACHA RIARACHÁIN**	**€**	**€**
	Teileafón – Líne Thalún	23,632	81,969
	Teileafón – Fóin phóca	22,002	-
	Postas agus Cúiréir	102,914	-
	Páipéarachas agus Stóras	80,848	8,469
	Páir	89,407	2,584
	Seimineáir agus Comhdhálacha	66,037	-
	Leabharlann agus Tréimhseacháin	3,979	9,799
	Síntiúis	26,683	11,381
	Foilseacháin	39,923	3,433
	Ceaintín	20,123	-
	Costais Cruinnithe	52,375	-
	Léas/Fruiliú Trealamh Oifige	78,240	-
	Gnáthchostais Oifige	9,650	23,645
	Cothabháil agus Tacaíocht do Bhogearraí IT	326,728	70,687
	Caiteachas ar Bhogearraí IT/Ceadúnú (Faoi (€1,000)	8,986	-
	Seirbhísí Gréasáin IT*	18,550	-
	Comhláithreacha/Óstáil IT*	57,485	-
	Soláthairtí Crua-earraí Ríomhaireachta IT (Faoi €1,000)	19,945	-
	Conraitheoirí Soláthar Bogearraí*	1,441,453	1,601,922
	Seirbhísí Bainistithe (HP & ISS)	1,029,483	-
	Tacaíocht agus Cothabháil Crua-earraí IT	13,341	-
	Táillí Bainc	2,683	1,765
	Fótachóipeáil	12,407	-
	Brabús ar dhiúscairt sócmhainní seasta	(121)	65,680
	Faisnéis Phoiblí agus na Meáin	-	13,337
	Ballraíocht Ghairmiúil	-	11,110
	Costais Seimineáir	-	22,195
	Costais Mhodhnóireachta	-	42,513
	Costais Deimnithe	-	67,706
	Modhanna cumarsáide	-	51,561
	Costais Chomhnasctha	-	16,699
	Ilghnéitheach	-	(225)
	Costais Chomhtháthaithe	(335,700)	-
		3,211,053	**2,106,230**

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON TRÉIMHSE DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2013

		An tréimhse ó 6.11.2012 go 31.12.2013	An tréimhse ó 1.1.2012 go 5.11.2012
13.	**DÍMHEAS**	**€**	**€**
	Dímheas Trealamh Oifig	30,070	9,439
	Dímheas Crua-earraí IT	154,722	137,119
	Dímheas Dhaingneáin agus Feisteas Oifige	67,519	39,160
	Dímheas Léasachta Foirgnimh	106,751	121,297
	Dímheas Bogearraí IT	631,360	451,905
	Dímheas Costais Feistithe	119,874	-
	Costais Chomhtháthaithe	(119,874)	-
		990,422	**758,920**

14. SÓCMHAINNÍ SEASTA

	Réadmhaoin Léasacht	Costais Feistithe	Troscán Oifige	Trealamh Oifige	Crua-earraí IT	Bogearraí IT	Iomlán
	€	€	€	€	€	€	€
Costas							
Aistrithe ó ghníomhaireachtaí oidhreachta	2,487,710	620,585	722,206	211,673	962,777	4,268,319	9,273,270
Breiseanna	-	413,932	100,359	99,197	134,720	93,015	841,223
Diúscairtí*	-	-	(336,453)	(40,472)	(223,074)	-	(599,999)
Amhail ag 31 Nollaig 2013	**2,487,710**	**1,034,517**	**486,112**	**270,398**	**874,423**	**4,361,334**	**9,514,494**
Dímheas							
Aistrithe ó ghníomhaireachtaí oidhreachta	2,221,194	-	646,202	195,326	791,629	985,445	4,839,796
Muirear don bhliain	106,751	119,874	67,519	30,070	154,722	631,360	1,110,296
Diúscairtí*	-	-	(336,453)	(40,472)	(222,990)	-	(599,915)
Amhail ag 31 Nollaig 2013	**2,327,945**	**119,874**	**377,268**	**184,924**	**723,361**	**1,616,805**	**5,350,177**
Glanluach na Leabhar							
Amhail ag 31 Nollaig 2013	**159,765**	**914,643**	**108,844**	**85,474**	**151,062**	**2,744,529**	**4,164,317**
Ag 5 Nollaig 2012	**266,516**	**620,585**	**76,004**	**16,347**	**171,148**	**3,282,874**	**4,433,474**

* Is ionann diúscairtí sa tréimhse agus sócmhainní a dímheasadh ina n-iomláine agus nach raibh in úsáid.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON TRÉIMHSE DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2013

		Amhail ar 31 Nollaig 2013	Amhail ar 5 Samhain 2012
15.	**FÉICHIÚNAITHE AGUS RÉAMHÍOCAÍOCHTAÍ**	**€**	**€**
	Féichiúnaithe	711,531	542,847
	Réamhíocaíochtaí	331,324	508,774
	Ioncam Fabhraithe	70,154	15,043
	Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí EQAVET	405,941	382,301
	Féichiúnaithe Eile	-	2,095
		1,518,950	**1,451,060**

		Amhail ar 31 Nollaig 2013	Amhail ar 5 Samhain 2012
16.	**CREIDIÚNAITHE AGUS FABHRUITHE**	**€**	**€**
	Creidiúnaithe	11,787	282,514
	Fabhruithe agus Soláthairtí	1,427,938	2,203,550
	ÍMAT/ÁSPC	141,328	102,522
	Asbhaintí Párolla	409,911	-
	Cáin Shiarchoinneálach Sheirbhísí Gairmiúla	10,100	3,877
	Cáin Bhreisluacha	7,010	59,650
	Creidiúnaithe Eile	-	4,419
	Ioncam Iarchurtha	-	27,989
		2,008,074	**2,684,521**

		Amhail ar 31 Nollaig 2013	Amhail ar 5 Samhain 2012
17.	**CREIDIÚNAITHE AGUS FABHRUITHE**	**€**	**€**
	Sócmhainní a aistríodh ó ghníomhaireachtaí oidhreachta	4,433,474	4,541,169
	Deontas a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach	841,223	728,531
	Amúchadh ar aon dul le dímheas sócmhainní	(1,110,296)	(749,374)
	Diúscairt sócmhainní seasta	(84)	(86,852)
	Aistriú ón gcuntas caipitil	(269,157)	(107,695)
	Iarmhéid ag deireadh na tréimhse	**4,164,317**	**4,433,474**

18. SCOR NA nGNÍOMHAIREACHTAÍ OIDHREACHTA

(a) Cuntais Ioncaim agus Caiteachais Chomparáideacha le haghaidh an NQAI, HETAC agus FETAC maidir leis an tréimhse ón 1 Eanáir 2012 go 5 Samhain 2012

Ioncam	NQAI	HETAC	FETAC	IOMLÁN
	€	€	€	€
Deontas an Oireachtais	7,343,900	500,000	3,240,000	11,083,900
Ioncam ó Tháillí	220,079	831,359	2,037,937	3,089,375
Ioncam ó iasachtaí foirne	-	-	-	-
Ioncam ó Thionscadail AE	102,242	-	565,898	668,140
Ioncam eile	181,998	660,280	3,414	845,692
Ús ar Thaiscí	324	4,038	839	5,201
	7,848,543	1,995,677	5,848,088	15,692,308
Aistriú ó/(chuig) Cuntas Caipitil	(593,449)	103,577	597,567	107,695
Glanmhaoiniú Iarchurtha le haghaidh Pinsean	448,000	645,979	563,905	1,657,884
	7,703,094	**2,745,233**	**7,009,560**	**17,457,887**
Caiteachas				
Costais Foirne	1,754,107	2,125,550	2,547,731	6,427,388
Costais Chóiríochta	350,917	367,067	182,194	900,178
Costais an Bhoird	10,048	1,189	5,506	16,743
Seirbhísí Corparáideacha agus Cumarsáid	99,209	86,089	264,287	449,585
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí	13,021	18,619	126,337	157,977
Caiteachas Tionscadail EQAVET	-	-	445,898	445,898
Costais an Riaracháin Láir	255,908	191,300	1,659,022	2,106,230
Dímheas	111,497	42,696	604,727	758,920
Deontais leis an gComhairle Dámhachtainí	3,740,000	-	-	3,740,000
Costais Chomhnasctha	652,152			652,152
	6,986,859	2,832,510	5,835,702	15,655,071
Barrachas/(Easnamh) don tréimhse	716,235	(87,277)	1,173,858	1,802,816
(Easnamh) Carntha ag tús na tréimhse	221,502	535,731	(806,473)	(49,240)
Barrachas/(Easnamh) Carntha ag deireadh na tréimhse	**937,737**	**448,454**	**367,385**	**1,753,576**

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON TRÉIMHSE DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2013

18. SCOR NA nGNÍOMHAIREACHTAÍ OIDHREACHTA

(b) Clár Comhardaithe Comparáideach le haghaidh an NQAI, HETAC agus FETAC maidir leis an tréimhse ón 1 Eanáir 2012 go 5 Samhain 2012

Rinneadh roinnt comparáidí a athr[illegible]aí ar an mbonn céanna agus sa tréimhse reatha.

Glansócmhainní	NQAI	HETAC	FETAC	IOMLÁN
	€	€	€	€
Sócmhainní Seasta	732,333	288,579	3,412,562	4,433,474
Airgead tirim ar láimh agus sa bhanc	1,465,148	446,926	1,074,963	2,987,037
Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	50,686	69,106	1,331,268	1,451,060
Creidiúnaithe agus Fabhruithe	(578,097)	(67,578)	(2,038,846)	(2,684,521)
Sócmhainní um Maoiniú Pinsin Iarchurtha	3,600,000	12,498,958	9,943,000	26,041,958
Dliteanais Pinsin	(3,600,000)	(12,498,958)	(9,943,000)	(26,041,958)
Glansócmhainní a aistríodh chuig an QQI	1,670,070	737,033	3,779,947	6,187,050
Caipiteal agus Cúlchistí				
Cuntais Chaipitil (Nóta 17)	732,333	288,579	3,412,562	4,433,474
Ioncam agus Caiteachais	937,737	448,454	367,385	1,753,576
Caipiteal agus Cúlchistí aistrithe chuig an QQI	**1,670,070**	**737,033**	**3,779,947**	**6,187,050**

		An tréimhse ó 6.11.2012 go 31.12.2013	An tréimhse ó 1.1.2012 go 5.11.2012
(c)	**Costais [illegible]mhnasctha**	€	€
	Costais Foirne	109,116	2,736
	Costais an Bhoird	-	1,338
	Seirbhísí Corparáideacha agus Cumarsáid	188,955	53,395
	Costais an Riaracháin Láir	335,700	561,415
	Cóiríocht	31,158	33,268
	Dímheas	119,874	-
		784,803	**652,152**

19. LÉAS OIBRIÚCHÁIN

Lána Denzille

Tá gealltanais ag an Údarás atá iníoctha suas go dtí an bhliain 2023 i dtaca le léas 21 bhliain le haghaidh cóiríocht oifige ag 26-27 Lána Denzille, Baile Átha Cliath 2.

Déantar athbhreithniú cíosa gach 6 bliana agus is é €346,000 sa bhliain an cíos reatha.

Páirc Ghnó na Rinne Thoir

Tá léas suas go dtí an bhliain 2027 ag an Údarás, le clásal scoir a bheidh éifeachtach i 2017, maidir le cóiríocht oifige ag Páirc Ghnó na Rinne Thoir, Baile Átha Cliath 3. Is é €405,000 costas bliantúil an léasa seo (gan muirir seirbhíse san áireamh) ag éirí as 3% de mhéadú in athbhreithniú cíosa a tháinig i bhfeidhm i Meitheamh 2008. Bhí an dara hathbhreithniú cúig bliana le déanamh i Meitheamh 2012.

Le linn 2011, chinn Bord Eatramhach an Údaráis (ag éirí as an bpleanáil a rinneadh maidir le cónascadh na dtrí ghníomhaireacht) an ghníomhaireacht nua, Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann, agus a fhoireann a lonnú i Lána Denzille (áitreabh HETAC, mar a bhí) agus i bhfotheach ag Sráid an Mhóta (iar-áitreabh Bhord Cáilíochta Ollscoileanna na hÉireann, tráth). Chinn an Bord, an uair sin, leis, an clásal scoir sa léas maidir le Páirc Ghnó na Rinne Thoir a fheidhmiú i mBealtaine 2017. Leagtar amach i Nóta 21 an tslí ina míníonn an tÚdarás na hidirbhearta ag éirí as an gcinneadh seo.

Bhí FETAC (an QQI anois) tar éis dul isteach i gcomhaontú ar phraghas an mhargaidh maidir leis an áitreabh seo, comhaontú a tháinig i bhfeidhm i Lúnasa 2012 go ceann Bealtaine 2017. Is ionann agus €121,177 sa bhliain an t-ioncam cíosa ón gcomhaontú foléasa. Cuirfear d'athmhuirear ina n-iomláine costas na muirear seirbhíse faoin léas.

Ag éirí as cinneadh an Bhoird Eatramhaigh chun an clásal scoir sa léas maidir le Páirc Ghnó na Rinne Thoir a fheidhmiú i mBealtaine 2017, tá €1,080,650 de sholáthar dochraideach léasa déanta ag Bord an QQI maidir leis an nglanchíos a bheith iníoctha ar an áitreabh as seo go 2017. Tá an soláthar sna Creidiúnaithe (Nóta 16).

20. LÉAS OIBRIÚCHÁIN

Lána Denzille

Ní raibh aon ghealltanas caipitil ag an 31 Nollaig 2013.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON TRÉIMHSE DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2013

21. DLITEANAIS THEAGMHASACHA

Ag éirí as cosaint rathúil a rinneadh ar bheart athbhreithnithe breithiúnaigh in aghaidh FETAC agus ceithre chomhlacht stáit eile a éisteadh san Ard-Chúirt in Eanáir 2013 (tugadh an breithiúnas in Aibreán 2013), sheirbheáil an dlíthí Fógra Achomhairc ar an gCúirt Uachtarach i mBealtaine 2013 in aghaidh an bhreithiúnais sin. An chomhairle a tugadh do FETAC (an QQI anois) ná go bhféadfadh sé suas le trí bliana a thógáil an t-achomharc seo a éisteadh.

Aithníonn FETAC (an QQI anois) gur cheart aon chostais a d'fhéadfadh teacht chun cinn (nach féidir a mheas le haon chinnteacht faoi láthair) i gcás Achomhairc a rachadh ar aghaidh a nochtadh mar dhliteanas teagmhasach ina Ráitis Airgeadais go dtí nach mbeidh gá le hé sin a dhéanamh a thuilleadh.

Rinneadh gearán leis an gCoimisiún Caidreamh Oibreachais in aghaidh an Údaráis sa tréimhse airgeadais. Ag deireadh na tréimhse airgeadais, níl ar chumas an Údaráis measúnú iontaofa a dhéanamh ar an gcostas a d'fhéadfadh a bheith ar an gcaingean seo.

22. CÁIN CHORPARÁIDE

Níl dhlitear cáin chorparáide ar an Údarás.

23. COMHALTAÍ AN BHOIRD – NOCHTASH IDIRGHNÍOMHAÍOCHTAÍ

Ghlac an tÚdarás nósanna imeachta de réir treoirlínte a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le leasanna a nochtfadh comhaltaí an Bhoird agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin. Ní raibh aon idirbheart ann maidir le gníomhaíochtaí an Údaráis ina raibh leas tairbheach ag comhalta ar bith.

24. COSTAIS PINSIN

a. SCÉIM PINSIN

Oibríonn an tÚdarás scéim sochair shainithe neamh-mhaoinithe.

Bunaíodh an luacháil a úsáidtear i gcás nochtaí FRS 17 ar luach iomlán achtúireach ag achtúire neamhspleách cáilithe chun riachtanais FRS 17 a chur san áireamh chun measúnú a dhéanamh ar dhliteanais na scéime amhail an 31 Nollaig 2013.

Is iad na toimhdí airgeadais a úsáideadh chun dliteanais na scéime a ríomh faoi FRS 17:

		NQAI & HETAC	Tréimhse
	An tréimhse ó	An tréimhse ó	FETAC ó
	6.11.2012 go	1.1.2012 go	1.1.2012 go
	31.12.2013	5.11.2012	5.11.2012
	€	€	€
Ráta lascainithe	5.5%	5.5%	3.5%
Toimhdí maidir le hardú tuarastail	4.0%	4.0%	3.0%
Toimhdí maidir le hardú pinsin	4.0%	4.0%	2.5%
Boilsciú praghsanna	2.0%	2.0%	2.0%

b. GLANMHAOINIÚ IARCHURTHA LE hAGHAIDH PINSEAN SA BHLIAIN	An tréimhse ó	An tréimhse ó
	6.11.2012 go	1.1.2012 go
	31.12 .2012	5.11.2012
	€	€
Maoiniú in-aisghafa maidir le costais pinsin na bliana reatha	2,600,000	2,154,200
Deontas stáit a úsáideadh chun pinsinéirí a íoc	(570,000)	(496,316)
	2,030,000	1,657,884

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON TRÉIMHSE DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2013

c. ANAILÍS AR CHOSTAIS IOMLÁNA PINSIN A GEARRADH AR CHAITEACHAS	An tréimhse ó	An tréimhse ó
	6.11.2012 go	1.1.2012 go
	31.12.2012	5.11.2012
	€	€
Costas reatha seirbhíse	1,200,000	976,300
Ús ar dhliteanais na Scéime Pinsin	1,400,000	1,177,900
Ranníocaíochtaí aoisliúntas fostaithe a coinníodh	(433,753)	(286,479)
	2,166,247	1,867,721

d. SÓCMHAINN MAOINITHE IARCHURTHA LE hAGHAIDH PINSEAN

Aithníonn an tÚdarás méideanna atá le híoc ag an Stát maidir le dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe i gcás pinsean ar bhonn roinnt imeachtaí san am atá caite. Áirítear ar na himeachtaí sin tacú reachtúil don scéim aoisliúntais, agus an beartas agus cleachtas i ndáil le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú, lena n-áirítear próiseas na meastachán bliantúil. Bíodh is nach bhfuil aon chomhaontú foirmiúil ann agus mar sin níl aon ráthaíocht ann maidir leis na méideanna áirithe seo leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, níl aon fhianaise ag an Údarás nach leanfaidh an beartas maoinithe seo den mhéid seo a chlúdach go leanúnach, ar aon dul leis an gcleachtas reatha.

Ba é é €25,398,958 an tsócmhainn iarchurtha pinsin amhail ag 31 Nollaig 2013.

e. GLUAISEACHT I NGLANDLITEANAS PINSIN SA TRÉIMHSE AIRGEADAIS	Amhail ag	Amhail ag
	31 Nollaig	5 Samhain
	2013	2012
	€	€
Costas reatha seirbhíse	26,041,958	24,201,530
Costais úis	1,200,000	976,300
Caillteanas / (gnóthachan) achtúireach	1,400,000	1,177,900
Pinsin a íocadh sa bhliain	(2,673,000)	182,544
Glandliteanas pinsin ag deireadh na tréimhse	(570,000)	(496,316)
	25,398,958	26,041,958

f. STAIR NA [illegible]ÓTHACHAN AGUS NA GCAILLTEANAS Ó THAITHÍ	
	2013
	€
Oibleagáidí sochair shainithe	25,398,958
Caillteanais/(gnóthachain) ó thaithí ar dhliteanais na scéime Méid (€)	2,000,000
Céatadán luach reatha dhliteanais na scéime	8%

25. TRÉIMHSE CHUNTASAÍOCHTA

Clúdaíonn na ráitis airgeadais an tréimhse 14 mhí idir 6 Samhain 2012 agus 31 Nollaig 2013.

26. CEADÚ NA RÁITEAS AIRGEADAIS

Cheadaigh Údarás Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann na ráitis airgeadais ag a chruinniú den 24 Meitheamh 2014.